Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**17102/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0228(COD)**

**AGRI 746**
**AGRILEG 216**
**SEMENCES 52**
**PHYTOSAN 65**
**FORETS 151**
**CODEC 2207**

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise)<br>– Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 5 Iúil 2023, ghlac an Coimisiún togra reachtach maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise san Aontas agus chuir sé faoi bhráid na Comhairle é an 6 Iúil 2023[1].

2. Bunaíodh an togra ar Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an gnáthnós imeachta reachtach).

3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 13 Nollaig 2023[2].

[1] 11503/23+ADD 1
[2] 5402/24

4. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (AGRI) atá an phríomhfhreagracht, agus tá an Coiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) comhlachaithe. Athcheapadh Herbert Dorfmann (PPE, an Iodáil) mar rapóirtéir. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024.

5. Cuireadh an togra agus an measúnú tionchair ábhartha[3] i láthair ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil de chomhaltaí na Meithle um Acmhainní Géiniteacha agus Nuálaíocht sa Talmhaíocht (dá ngairtear 'an Mheitheal' anseo feasta) an 6 Iúil 2023 agus ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 25 Iúil 2023. Lean an Mheitheal den scrúdú ar an togra le linn cruinnithe breise faoi Uachtaránacht na Spáinne, na Beilge, na hUngáire agus na Polainne.

6. An 13 Meitheamh 2025, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir le sainordú don Uachtaránacht chun dul i mbun caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa[4].

7. An 1 Meán Fómhair 2025, chinn Coiste AGRI Pharlaimint na hEorpa tús a chur le caibidlíocht idirinstitiúideach leis an gComhairle ar bhonn an téacs a comhaontaíodh i suí iomlánach an 24 Aibreán 2024. Dearbhaíodh an cinneadh le linn sheisiún iomlánach mhí Mheán Fómhair.

8. Ar an mbonn sin, chuathas i mbun caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh.

9. Idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag, tionóladh 12 chruinniú theicniúla idirinstitiúideacha. D'ullmhaigh Coiste na mBuanionadaithe an cruinniú tríthaobhach an 14 Samhain 2025[5] agus tionóladh an 8 Nollaig 2025 é. Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú sealadach foriomlán le linn an chruinnithe thríthaobhaigh sin, agus comhdhlúthaíodh an comhaontú ina dhiaidh sin ina théacs comhréitigh deiridh.

---

[3] 11694/23
[4] 9694/25 REV 1
[5] 13836/25

10. An 10 Nollaig 2025, cuireadh Coiste na mBuanionadaithe ar an eolas faoi thoradh an chruinnithe thríthaobhaigh.

11. An 19 Nollaig 2025, rinne Coiste na mBuanionadaithe anailís ar an téacs comhréitigh críochnaitheach agus dhearbhaigh sé gur aontaigh sé leis[6].

12. An 24 Feabhra 2026, vótáil Coiste AGRI Pharlaimint na hEorpa i bhfabhar an téacs a comhaontaíodh. An 5 Márta 2026, sheol Cathaoirleach AGRI litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar cuireadh in iúl, má dhéanann an Chomhairle an seasamh uaithi a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa mar a comhaontaíodh, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch, go molfaidh sí don suí iomlánach go nglacfaí gan leasú leis an seasamh ón gComhairle ar an dara léamh sa Pharlaimint[7]. Comhfhreagraíonn an téacs atá i gceangal leis an litir don téacs lenar thacaigh Coiste na mBuanionadaithe an 19 Nollaig 2025.

## II. <u>CUSPÓIR</u>

13. Is é is cuspóir don Rialachán atá beartaithe maidir le hábhar atáirgthe foraoise ionad Threoir 1999/105/CE ón gComhairle a ghabháil trína raon feidhme a shoiléiriú agus a forálacha a thabhairt cothrom le dáta. Is é is aidhm don Rialachán roinnt príomhchuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear inrianaitheacht a áirithiú trí ábhar atáirgthe foraoise a bhuain ó mháthairchrainn chláraithe (i.e. bunábhar) agus ábhar atáirgthe foraoise a dheimhniú chun ardcháilíocht ábhair a ráthú. Féachann sé freisin le cothrom iomaíochta a áirithiú d’oibreoirí, feabhas a chur ar an nuálaíocht agus ar an iomaíochas laistigh d’earnáil an ábhair atáirgthe foraoise, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar dhúshláin inbhuanaitheachta agus ar dhúshláin a bhaineann leis an aeráid. Thairis sin, rachaidh an Rialachán in oiriúint d’fhorbairtí eolaíocha agus teicniúla nua, amhail teicnící bith-mhóilíneacha agus digitiú, agus tacóidh sé le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha foraoise. Ar deireadh, tá sé d’aidhm aige feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht leis an reachtaíocht atá ann cheana maidir le rialuithe oifigiúla agus sláinte plandaí.

---

6 17064/25
7 7031/26

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

14. Tá na príomhghnéithe seo a leanas sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith:

15. Bunaítear leis an Rialachán nua **córas rialaithe** saincheaptha agus éifeachtúil **le haghaidh ábhar atáirgthe foraoise**, lena n-eisiatar é ó raon feidhme an Rialacháin maidir le Rialuithe Oifigiúla (2017/625) ach lena gcoinnítear crostagairtí d'airteagail áirithe atá i Rialachán 2017/625. Ceanglófar ar na Ballstáit údaráis inniúla a ainmniú a mbeidh acmhainní agus cumhachtaí leordhóthanacha acu, lena n-áirítear rochtain ar áitreabh oibreora agus doiciméadacht ábhartha, chun na rialuithe sin a fheidhmiú.

16. Chun an córas sin a chomhlánú, déanfar na forálacha roghnaithe atá i Rialachán 2017/625 a choigeartú agus a áireamh sa Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise. Cumhdófar leis na forálacha sin réimsí amhail taifid i scríbhinn ar rialuithe, deimhniú oifigiúil, rialuithe an Choimisiúin sna Ballstáit, pionóis, agus trédhearcacht rialuithe.

17. Is é is aidhm fhoriomlán don chóras rialaithe sin formhaoirseacht chomhsheasmhach iontaofa arna déanamh ag údaráis inniúla a áirithiú agus ualaí riaracháin agus airgeadais a íoslaghdú sna Ballstáit ag an am céanna.

18. Chomhaontaigh na comhreachtóirí go leanfaidh na **pleananna teagmhasacha náisiúnta** de bheith deonach, agus go mbeidh a ndearadh bunaithe ar cheanglais shimplithe. Laghdóidh sé sin an t-ualach riaracháin agus cuirfidh sé ar chumas na mBallstát an ullmhacht agus an acmhainneacht riachtanach a fhorbairt ag an am céanna. Arna iarraidh sin don Pharlaimint, leathnaíodh liosta na ngnéithe *a d'fhéadfaí* a áireamh sna pleananna sin, agus tugadh de chumhacht don Choimisiún faoi Airteagal 9(5) gnéithe a shonrú chun tacú lena mbunú agus lena gcur chun feidhme.

19. Maidir le **bunábhair a fhormheas**, coinnítear sa chomhaontú na prionsabail atá ann cheana maidir le 'bunábhar' a fhormheas agus ábhar atáirgthe foraoise buainte a dheimhniú. Sonraítear i bhforálacha nua nach mór do na Ballstáit bunábhar formheasta a áireamh ina gcláir náisiúnta, mar aon le liosta uile-Aontais comhfhreagrach maidir le hinrianaitheacht. Féadfaidh na Ballstáit oibreoirí gairmiúla a údarú chun bunábhar a fhormheas chun críoch caomhnaithe faoi mhaoirseacht oifigiúil, agus an t-údarás cinnteoireachta deiridh á choinneáil acu maidir lena áireamh i gcláir náisiúnta.

20. Chun cáilíocht ábhair atáirgthe foraoise laistigh den Aontas a neartú a thuilleadh, leathnaíodh **liosta na speiceas crann** a chumhdaítear leis an Rialachán. Coinneoidh na Ballstáit an tsolúbthacht chun bearta níos déine nó bearta nach bhfuil chomh dian céanna a chur i bhfeidhm maidir le speicis crann nach n-áirítear in Iarscríbhinn I, rud a fhágfaidh go mbeidh solúbthacht ann chun réaltachtaí foraoiseachta náisiúnta a léiriú.

21. Maidir le **ceanglais mhargaíochta le haghaidh lotnaidí cáilíochta**, áirítear sa chomhaontú deiridh foráil arna hiarraidh ag an bParlaimint. Beidh na rialuithe bunaithe ar riosca agus beidh an scrúdú teoranta do sheiceáil a dhéanamh nach ann do shiomptóim, rud a mhaolóidh ualaí riaracháin. Tacaítear leis sin le sainmhíniú nua ar 'lotnaidí cáilíochta' laistigh den Rialachán.

22. Cuireadh dáta **chur i bhfeidhm** an Rialacháin siar ó 3 bliana go 5 bliana tar éis a theacht i bhfeidhm, chun am a thabhairt chun an t-oiriúnú riachtanach a dhéanamh ar níos mó ná 25 bliana de chleachtas náisiúnta seanbhunaithe agus chun an córas rialaithe nua a chur chun feidhme.

23. Maidir le **hallmhairí ábhair atáirgthe foraoise ó thríú tíortha**, níl rannpháirtíocht i Scéim Síolta Foraoise agus Plandaí ECFE éigeantach a thuilleadh ach féadfaidh an Coimisiún í a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh aige an gcomhlíonann an t-ábhar atáirgthe foraoise sin ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin is infheidhme san Aontas. De mhaolú air sin, arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún allmhairí ábhair atáirgthe foraoise ó thríú tír nach gcomhlíonann na ceanglais sin a údarú go sealadach, i gcás inar léir go bhfuil ganntanas speicis i mBallstát amháin nó níos mó de dheasca imeachtaí eisceachtúla agus nach féidir le Ballstáit eile ná tríú tíortha eile ar bunaíodh coibhéis ina leith aghaidh a thabhairt orthu.

## IV. CONCLÚID

24. Tacaítear le haidhm an togra ón gCoimisiún sa seasamh ón gComhairle agus léirítear go hiomlán an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, agus tacaíocht á fáil ón gCoimisiún.

25. Creideann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur léiriú cothrom é a seasamh ar an gcéad léamh ar thoradh na caibidlíochta agus, a luaithe a ghlacfar é, go rannchuideoidh an Rialachán le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus athléimneacht fhoraoisí na hEorpa trí cháilíocht agus infhaighteacht ábhair atáirgthe foraoise a fheabhsú, trí thacú leis an nuálaíocht agus leis an athléimneacht i leith an athraithe aeráide. Tacóidh sé freisin le hiomaíochas earnáil foraoise an Aontais.